Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**14920/25**
**COR 2**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0233 (NLE)**

**JUSTCIV 174**
**CONSOM 248**
**MARE 41**
**COMER 150**
**RELEX 1400**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis na hÉifeachtaí Idirnáisiúnta a bhaineann le Díol Breithiúnach Long, Coinbhinsiún arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac an 7 Nollaig 2022 ('Coinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long') - Comhaontú i bprionsabal - Iarraidh ar thoiliú Pharlaimint na hEorpa |

In 14920/25 INIT, léitear mír 1 ar leathanach 1 mar a leanas:

'1. Glacadh Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis na hÉifeachtaí Idirnáisiúnta a bhaineann le Díol Breithiúnach Long, Coinbhinsiún ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac an 7 Nollaig 2022 ('Coinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long'). Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an gCoinbhinsiún sin a shíniú, a glacadh an 21 Nollaig 2023[1].'

[1] Cinneadh (AE) 2024/414 ón gComhairle an 21 Nollaig 2023 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis na hÉifeachtaí Idirnáisiúnta a bhaineann le Díol Breithiúnach Long, Coinbhinsiún a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac an 7 Nollaig 2022, IO L, 2024/414, 29.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/414/oj

Léitear pointe 5, ar leathanach 2, mar a leanas:

'5. Tá téacs an Choinbhinsiúin ar fáil i ngach teanga in 15716/23 agus in 15716/1/23 REV 1, ag brath ar an teanga.'

Léitear pointe 6, ar leathanach 2, mar a leanas:

'6. I bhfianaise an mhéid thuas, moltar do Choiste na mBuanionadaithe a iarraidh ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) teacht ar chomhaontú i bprionsabal i ndáil leis an dréachtchinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin agus an dearbhú ábhartha inniúlachtaí atá i gceangal leis seo, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch orthu (14882/25 + ADD 1);

(b) a chinneadh an dréachtchinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin, a bhfuil an Coinbhinsiún sin i gceangal leis, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air, a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil. '